V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10932 — ZF / HELLA / NGK / CLARIOS / AHEAD JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 454/06)

1. An 22 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ZF Friedrichshafen AG ("ZF", an Ghearmáin),

— HELLA GmbH & Co. KGaA ("Hella", an Ghearmáin), ar chuid de FORVIA Group (an Fhrainc) é,

— NGK SPARK PLUG EUROPE GmbH ("NGK", an Ghearmáin), ar chuid de NGK SPARK PLUG Group (an tSeapáin) é,

— Clarios Germany GmbH & Co. KG ("Clarios", an Ghearmáin), ar chuid de Clarios Group (na Stáit Aontaithe) é, atá faoi rialú Brookfield Asset Management Inc. (Ceanada).

Gheobhaidh ZF, Hella, NGK agus Clarios rialú comhpháirteach ar Ahead GmbH ("Ahead JV") de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta teicneolaíochta domhanda é ZF a fhorbraíonn, a mhonaraíonn agus a dháileann táirgí agus córais do ghluaisteáin phaisinéirí, d'fheithiclí tráchtála agus do theicneolaíocht thionsclaíoch,

— Is soláthraí páirteanna mótarfheithicleacha é Hella atá gníomhach den chuid is mó i bhforbairt agus i dtáirgeadh táirgí soilsithe agus táirgí leictreonacha. Cuireann Hella punann leathan seirbhísí agus táirgí ar fáil do chustaiméirí ceardlainne,

— Déanann NGK spréachphlocóidí agus táirgí gaolmhara le haghaidh innill dócháin inmheánaigh a mhonarú agus a dhíol, mar aon le braiteoirí agus ceirmigh le haghaidh raon leathan feidhmeanna,

— Is soláthraí páirteanna mótarfheithicleacha é Clarios atá gníomhach i dtaighde, forbairt, monarú, ceadúnú, margaíocht agus dáileadh ceallraí tosaithe le haghaidh gach cineál feithicle agus feidhme, lena n-áirítear feithiclí paisinéirí, trucailí, agus modhanna iompair eile.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV:

— Cuirfidh Ahead JV seirbhísí deisiúcháin agus réitigh agus cláir dhigiteacha ar fáil do cheardlanna Eorpacha agus dá meicneoirí i gcodanna áirithe den Eoraip, lena n-áirítear "ardán siamsaíochta oideachasúil" bunaithe ar shíntiúis mar aon le clár dílseachta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10932 — ZF / HELLA / NGK / CLARIOS / AHEAD JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.